# Naomh Pádraig

Príomhéarlamh na hÉireann is ea Naomh Pádraig. Duine de na pearsana is mó i stair na hÉireann atá ann.

Féach ar an bhfíseán ar Naomh Pádraig. Agus tú ag breathnú air, abair an bhfuil na habairtí seo fíor nó bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.



# Naomh Pádraig

| | | |
|---|---|---|
| Rugadh Naomh Pádraig in Éirinn | | B |
| Bhí formhór mór de mhuintir na hÉireann ina bpágánaigh roimh Phádraig | | |
| Bhí go leor déithe ann sa phágántacht | | |
| Ní raibh aon Chríostaithe in Éirinn roimh Phádraig | | |
| Mhair cúpla ceann de na scríbhinní a rinne Naomh Pádraig | | |
| Ní raibh aon tionchar fadtéarmach ar an gCríostaíocht ar Éirinn | | |
| Tháinig an Laidin go hÉirinn le teacht na Críostaíochta | | |
| Scríobhadh na chéad leabhair in Éirinn ar phár | | |
| Ní raibh aon chumhacht ag an Eaglais in Éirinn sna blianta i ndiaidh Phádraig | | |
| Bhunaigh Naomh Ciarán mainistir ag Gleann Dá Loch i gcontae Chill Mhantáin | | |
| Bhí cáil ar Éirinn mar 'Thír na Naomh is na Scoláirí' | | |

Tá Naomh Pádraig ar dhuine de na daoine is tábhachtaí i stair na hÉireann. Cé go raibh pobail bheaga de Chríostaithe lonnaithe in Éirinn sular tháinig Naomh Pádraig is é an duine is cáiliúla de na luath-Chríostaithe in Éirinn é mar mhair dhá cheann dá chuid scríbhinní, a 'Confessio' agus an 'Epistola'. Is ó na scríbhinní seo a fhaighimid an-chuid eolais ar Naomh Pádraig.

Rugadh Naomh Pádraig sa chuid sin den Bhreatain a bhí faoi thionchar Impireacht na Róimhe timpeall na bliana 420 AD. Ceaptar gur sa Bhreatain Bheag a rugadh agus a tógadh é. Ba Chríostaithe iad a theaghlach agus ba dhuine tábhachtach áitiúil é a athair, b'oifigeach sibhialta é sa bhaile áitiúil. D'fhuadaigh ruathairí Éireannacha Naomh Pádraig agus é ina dhéagóir agus tugadh go hÉirinn é. Chaith sé sé bliana, meastar, in Éirinn. Chaith sé cuid den tréimhse sin ina aoire timpeall Shliabh Mis i gContae Aontroma. D'éirigh leis éalú áfach óna úinéir agus theith sé. Ní fios go díreach cad a tharla dó ansin ach is cosúil gur chaith sé tamall ar ais ina bhaile dúchais sa Bhreatain Bheag agus sa Fhrainc, áit ar oileadh mar shagart é, de réir dealraimh. Bhí brionglóid nó fís aige oíche amháin inar cheap sé go raibh muintir na hÉireann ag impí air filleadh orthu agus an Chríostaíocht a scaipeadh ina measc. D'fhill sé ar Éirinn agus é ina easpag anois agus chaith sé thart ar fiche bliain ag craobhscaoileadh na Críostaíochta i measc na bPágánach timpeall na tíre. Obair dhainséarach a bhí i gceist le scaipeadh na Críostaíochta in Éirinn mar chuir go leor daoine ina choinne. Dream amháin díobh siúd ba ea na draoithe. Ba shagairt phágánacha iad sin a raibh cumhacht agus stádas ar leith acu in Éirinn na págántachta. Ba leasc leo siúd iompú ar chreideamh iomlán difriúil agus an baol ann go gcaillfidís a stádas sa tsochaí.

Bhí rath ar mhisean Phádraig in Éirinn. Scaip an Chríostaíocht go tapa i measc na ndaoine. Ceaptar gur fhoghlaim Naomh Pádraig an tSean-Ghaeilge le cabhrú leis an Chríostaíocht a mhúineadh do na gnáthdhaoine. Ba é Ard Mhacha an suíomh a roghnaigh Naomh Pádraig don chéad deoise in Éirinn. Cinneadh cliste ba ea é sin
mar ba áit thábhachtach do na Ceiltigh í Eamhain Mhacha a bhí in aice láimhe.

# Naomh Pádraig

Pearsa fhíorthábhachtach go deo i stair na hÉireann ba ea Naomh Pádraig. Cé nárbh é an chéad Chríostaí in Éirinn é ba é ba mhó a scaip an Chríostaíocht sa chúigiú haois. Mar sin, bhí tionchar nach beag aige ar stair na tíre seo. Ceaptar gur cailleadh Naomh Pádraig thart ar an mbliain 490 AD.

## Gluais

na luath-Chríostaithe = na chéad Chríostaithe
ruathairí = daoine a dhéanann ionsaithe
aoire = duine a thugann aire do chaoirigh
ag craobhscaoileadh = ag múineadh nó ag scaipeadh
an phágántacht = córas creidimh a bhí forleathan in Éirinn roimh an gcúigiú haois.
an tSean-Ghaeilge = an saghas Gaeilge a bhí á labhairt in Éirinn sa chúigiú haois
pearsa = duine

## Ceisteanna

- Cén áit ar rugadh Naomh Pádraig?
- Ainmnigh na scríbhinní dá chuid a mhair.
- Cad a tharla do Naomh Pádraig agus é ina dhéagóir?
- Cad post a bhí ag Naomh Pádraig agus é ina sclábhaí i gcontae Aontroma?
- Cén áit a cheaptar ar oileadh Naomh Pádraig mar shagart?
- Cén fáth ar fhill sé ar Éirinn an dara babhta?
- Ainmnigh an grúpa daoine ba mhó a chuir ina choinne agus é ag craobhscaoileadh na Críostaíochta.
- Cén gníomh a rinne Naomh Pádraig le cabhrú leis cumarsáid a dhéanamh le muintir na hÉireann?
- Ar éirigh go maith le misean Phádraig in Éirinn? Cén fáth?
- Breac síos cúig fhíric a d'fhoghlaim tú faoi Naomh Pádraig agus an sliocht seo léite agat.

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Naomh Pádraig

## Meaitseáil

| | |
|---|---|
| Confessio | an creideamh a scaip Pádraig timpeall na hÉireann |
| an Bhreatain Bheag | áit ar chaith Pádraig cúpla bliain ina aoire |
| Draoi | an teideal a bhí ag Pádraig nuair a tháinig sé go hÉirinn don dara babhta |
| Ard Mhacha | an teanga a bhí á labhairt ag muintir na hÉireann le linn ré Phádraig |
| Sliabh Mis | an bhliain a cheaptar a cailleadh Pádraig |
| an Chríostaíocht | áit dhúchais Phádraig |
| an phágántacht | suíomh na chéad deoise in Éirinn |
| Easpag | An bhliain a cheaptar a tháinig Pádraig go hÉirinn den chéad uair |
| 432 AD | ceann de scríbhinní Phádraig |
| an tSean-Ghaeilge | An creideamh a bhí ag formhór de mhuintir na hÉireann roimh theacht Phádraig |
| 490 AD | sagart págánach |

# Naomh Pádraig

D'éirigh le Naomh Pádraig an Chríostaíocht a scaipeadh i measc mhuintir na hÉireann. Bhí tionchar mór fadtéarmach ag teacht na Críostaíochta go hÉirinn ar stair na tíre seo. Seo a leanas cúig thoradh fhadtéarmacha ar theacht na Críostaíochta go hÉirinn.

An Laidin: Tháinig an Laidin go hÉirinn le teacht na Críostaíochta. Teanga thábhachtach oideachais agus rialaithe a bhí inti as sin go ceann 1400 bliain nó mar sin.

Na Mainistreacha: Bunaíodh cuid mhaith mainistreacha timpeall an oileáin i ndiaidh bhás Phádraig. Ionaid spioradálta, léinn agus leighis a bhí iontu. B'iad Cluain Mhic Nóis, Gleann Dá Loch agus Doire trí cinn de na mainistreacha ba thábhachtaí sa tréimhse i ndiaidh Phádraig.

Logainmneacha na tíre: Léiriú ar a lárnaí is a bhí an Chríostaíocht i saol na ndaoine in Éirinn is ea na logainmneacha. Tá bunús Críostaí le focail cosúil le cill, domhnach, mainistir, teampall agus tearmann.

Siombail ar fhéiniúlacht agus oidhreacht na hÉireann: ceann de na siombailí is mó a shamhlaítear le hÉirinn is ea an tseamróg. Ceaptar go mb'fhéidir gur úsáid Naomh Pádraig an tseamróg mar bhealach leis an Trionóid Naofa a mhúineadh do mhuintir na hÉireann.

Scríbhneoireacht: Cé go raibh modh scríbhneoireachta in Éirinn (Ogham) roimh theacht na Críostaíochta tháinig modh scríbhneoireachta nua isteach (an aibítir Rómhánach) agus scaipeadh an scríbhneoireacht nua seo agus an léitheoireacht sna mainistreacha.

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta